Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/0240(COD)

5.3.2026

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

faoi bhráid an Choiste um Buiséid, an Choiste um Fhorbairt Réigiúnach agus an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

ar thogra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509
(COM(2025)0565 – C10-0179/2025 – 2025/0240(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Sérgio Humberto

PA_Legam

LEASUITHE

Leis seo, cuireann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta faoi bhráid an Choiste um Buiséid, an Choiste um Fhorbairt Réigiúnach agus an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, mar na coistí atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe a – pointe v a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(va) d'ionstraimí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), lena n-áirithítear nach gcuirfidh comhthiomsú cistí as dá n-infheictheacht ná dá misean sonrach, agus lena mbunaítear go bhfuil Caibidil Shóisialta thiomnaithe inaitheanta i ngach Plean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, ina bhfuil rialacha cur chun feidhme a chosnaíonn infheistíocht i gcaipiteal daonna, san oideachas agus sa chuimsiú sóisialta mar cholúin fhíor-riachtanacha den chomhtháthú.
	Or. pt

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) fostaíocht inbhuanaithe ardcháilíochta a chur chun cinn trí chur le hiomaíochas gheilleagar an Aontais agus trí thacú le hoiriúnú an lucht saothair don aistriú digiteach, don aistriú aeráide agus don aistriú tionsclaíoch, go háirithe trína scileanna a fheabhsú.
	Or. pt

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(eb) cabhrú le daoine óga fanacht i margadh an tsaothair trí líon na ndaoine nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) a laghdú, tríd an aistriú idir oideachas, gairmoiliúint agus fostaíocht a éascú, lena n-áirítear trí intéirneachtaí agus printíseachtaí ardcháilíochta, agus trí chláir cháilíochta atá ailínithe le riachtanais mhargadh an tsaothair.

Or. pt

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéil, rannpháirtíocht éifeachtach, struchtúrtha agus thráthúil na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-eagraíochtaí a ionadaíonn an tsochaí shibhialta, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, de réir mar is iomchuí, in ullmhú, i gcur chun feidhme, i bhfaireachán agus i meastóireacht na bpleananna.

Or. pt

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Le linn an Ciste a chur chun feidhme, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus dlí

an Aontais is infheidhme maidir le fostaíocht, dálaí oibre agus comhdheiseanna. Cuirfear an Ciste chun feidhme ar shlí a chuideoidh le prionsabail 1, 4, 5, 8 agus 14 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an gcreat feidhmíochta a leagtar amach sa Rialachán seo. Beidh bearta ceartaitheacha ar bith a dhéanfaidh an Coimisiún i gcomhréir le prionsabail na comhréireachta, na deimhneachta dlíthiúla agus na cosanta do thairbhithe deiridh.

Or. pt

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áireofar sna pleananna straitéis náisiúnta nó réigiúnach forbartha scileanna, lena n-áirítear bearta chun cáilíochtaí a athoiliúint agus a fheabhsú i gcomhréir le riachtanais mhargadh an tsaothair, agus béim ar leith ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar earnálacha atá i mbun aistrithe, chomh maith leis na torthaí measta ar na bearta sin.

Or. pt

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	11a. I gcomhthéacs na mbeart a bhaineann leis an imirce agus gnóthaí baile, déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir lena n-inniúlachtaí náisiúnta, gníomhaíochtaí a chur chun feidhme lena gcuirfear chun

cinn lánpháirtiú tapa agus inbhuanaithe náisiúnach tríú tír atá ina gcónaí go dleathach i margadh an tsaothair, go háirithe trí cháilíochtaí a aithint, oiliúint teanga agus comhdheiseanna a chur chun cinn, agus sa tslí sin rannchuidiú le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach.

Or. pt

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) á áirithiú go mbeidh caibidlí réigiúnacha uathrialacha ag na réigiúin is forimeallaí ina CNRanna faoi seach, le cistí réamh-leithdháilte arna mbainistiú go díreach agus athnáisiúnú cinntí sna críocha sin a sheachaint.

Or. pt

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 63 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Áireofar sa chreat feidhmíochta a bhunaítear de bhun Rialachán (AE, Euratom) 202X/XXXX [an Rialachán Feidhmíochta], chun críocha an Rialacháin seo, mar íoscheanglas, táscairí intomhaiste ar an méid seo a leanas:
	(a) an ráta fostaíochta i measc daoine fásta idir 20 bliain agus 64 bliana d'aois;
	(b) cion an aosa óig nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna);
	(c) an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta;

(d) ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Or. pt

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 71 – mír 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	12a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an Ciste chun feidhme ar shlí a éascóidh rochtain ar mhaoiniú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do chomhlachtaí sa gheilleagar sóisialta, go háirithe trí nósanna imeachta a shimpliú, trí thacaíocht theicniúil dhóthanach agus ionstraimí airgeadais comhréireacha a sholáthar, tríd an bhfiontraíocht agus cruthú post inbhuanaithe a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil agus trí chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach.

Or. pt

ANNEX: LETTER FROM THE COMMISSION DECLARATIONS OF INPUT

The rapporteur for opinion declares under his exclusive responsibility that he did not include in his opinion input from interest representatives falling within the scope of the Interinstitutional Agreement on a mandatory transparency register[1], or from representatives of public authorities of third countries, including their diplomatic missions and embassies, to be listed in this Annex pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure.

[1] Interinstitutional Agreement of 20 May 2021 between the European Parliament, the Council of the European Union and the European Commission on a mandatory transparency register (OJ L 207, 11.6.2021, p. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)